V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11220 — MITSUI & CO / EUROPEAN ENERGY / KASSØ JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 287/03)

1. An 8 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Mitsui & Co., Ltd. ('Mitsui', an tSeapáin), atá liostaithe go poiblí agus nach bhfuil á rialú ag aon cheann dá scairshealbhóirí,

— EE PV Holding ApS, fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid European Energy A/S('European Energy', an Danmhairg), atá faoi rialú Knud Erik Andersen,

— Kassø MidCo ApS ('Kassø' nó 'JV', an Danmhairg).

Gheobhaidh Mitsui agus European Energy rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar na 'Páirtithe'.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadail é Mitsui. Feidhmíonn Mitsui ar fud an domhain agus tá sé gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear: (i) táirgí iarainn agus cruach; (ii) acmhainní mianracha agus miotail; (iii) tionscadail bhonneagair; (iv) soghluaisteacht; (v) ceimiceáin bhunúsacha; (vi) ceimiceáin feidhmíochta; (vii) fuinneamh; (viii) acmhainní bia; (ix) seirbhísí tomhaltóirí; agus (x) TF agus forbairt cumarsáide/chorparáideach,

— Cuireann European Energy seirbhísí fuinnimh ghlais ar fáil trí thionscadail bhonneagair a fhorbairt agus a oibriú lena gcuimsítear feirmeacha gaoithe, páirceanna gréine agus saoráidí 'cumhacht a thiontú go x' ar fud an domhain.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó Kassø táirgeadh leictreachais ó ghléasra giniúna grianchumhachta agus táirgeadh leictrimh-eatánóil ó shaoráid 'cumhacht a thiontú go x' gar do Kassø:

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11220 — MITSUI & CO / EUROPEAN ENERGY / KASSØ JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.